Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 26 Márta 2021**
**(OR. en)**

**7326/21**
**ADD 1**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2018/0190(COD)**

**CODEC 448**
**CULT 16**
**AUDIO 28**
**CADREFIN 150**
**RELEX 234**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe |
| Ábhar: | Dréacht-RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena mbunaítear an clár Eoraip na Cruthaitheachta (2021 go 2027) agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1295/2013 **(an chéad léamh)**<br>– Cinneadh maidir leis an nós imeachta i scríbhinn a úsáid le haghaidh glacadh an tseasaimh ón gComhairle ar an gcéad léamh agus an ráitis ar chúiseanna na Comhairle<br>= Ráitis |

**Ráitis ón gCoimisiún**

I gcomhthéacs aithris 23 agus Iarscríbhinn I, Airteagal 1, gníomhaíochtaí speisialta e) chomh maith le hAirteagal 7(5) den Rialachán thuasluaite, mar a chomhaontaigh na comhreachtóirí an 14 Nollaig 2020, dearbhaíonn an Coimisiún go bhfuil sé de rún aige glaonna ar thograí a sheoladh lena n iarrtar iarratais ar dheontais oibriúcháin ilbhliantúla, deontais a bhféadfadh Ceolfhoireann Óige an Aontais Eorpaigh agus eintitis eile iarratas a chur isteach ina leith agus lena soláthrófaí an chobhsaíocht is gá le haghaidh fheidhmiú riachtanais na n eintiteas sin. Beidh na glaonna sin faoi réir ghlacadh clár oibre, lena leagfar amach na coinníollacha beachta, amhail uainiú na nglaonna nó fad na gcomhaontuithe deontais atá beartaithe. Anuas air sin, dearbhaíonn an Coimisiún go bhfuil sé de rún aige an chéad cheann de na glaonna sin a sheoladh sa chlár oibre bliantúil 2021. Tá an rún sin faoi réir ghlacadh an rialacháin thuasluaite agus an chomhaontaithe deiridh maidir le buiséad an Aontais le haghaidh 2021.

----

Is oth leis an gCoimisiún gur chinn na comhreachtóirí an lógó MEDIA a choimeád. Tá sé sin ag teacht salach ar an gcur chuige cothrománach gan lógónna clár shonracha a bheith ann faoi bhuiséad fadtéarmach na todhchaí. Is rún an Choimisiúin é deimhin a dhéanamh de go gcothófar caidreamh idir muintir na hEorpa agus an tAontas ina iomláine de thairbhe cláir éagsúla na hEorpa a bheith ag baint úsáid as an suaitheantas aonair Eorpach. Is coiteann an suaitheantas sin d'Institiúidí uile an Aontais, agus beidh sé ina chuid thábhachtach de na riachtanais shimplí chomhleanúnacha cheangailteacha maidir le cumarsáid agus infheictheacht ar fud na gclár. Chun teacht ar chomhaontú foriomlán i dtaca leis an gclár, is féidir leis an gCoimisiún glacadh leis an lógó MEDIA a choimeád ar an gcoinníoll nach mbainfidh sé ach le fad na tréimhse clárúcháin atá i gceist.

Níl aon amhras ar an gCoimisiún go mbíonn níos mó éifeachta le gníomhartha an Aontais a chur in iúl agus a dhéanamh follasach don phobal go forleathan gan úsáid a bhaint as aon lógó clár shonrach. Beidh an Coimisiún ar fáil do na comhreachtóirí go fóill chun an méid sin a léiriú achar maith roimh chaibidlíocht na tréimhse clárúcháin ina dhiaidh sin.